Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7428/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0262(COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC 472** | **COLAC 37** |
| **NDICI 8** | **COWEB 36** |
| **DEVGEN 50** | **ELARG 38** |
| **RELEX 381** | **MAMA 67** |
| **ACP 27** | **MOG 73** |
| **COAFR 69** | **GLOBAL GATEWAY 24** |
| **COASI 50** | **FIN 428** |
| **COEST 218** | **ECOFIN 348** |

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/947 a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht mhéadaithe na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 28 Bealtaine 2025 chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 209 agus 212 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 10 Márta 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[2]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 9579/25 + ADD 1.
[2] 7295/26.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in
PE-CONS 8/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.